Taisteal & Laethanta Saoire: Léamhthuiscint (Máire Ní Chuagáin i nGána)

TEG B1: Aonad 5

A: RÉAMHOBAIR

1. Cuir na frásaí seo in abairtí a léiríonn a mbrí.

a) Dul i dtaithí:
b) D'éirigh liom:
c) Ba chuma liom:
d) Bhí orthu:
e) Ní raibh an dara rogha agam:

B: LÉAMHTHUISCINT

Filleann an t-údar Máire Ní Chuagáin ar Ghána, áit a raibh sí bliain ó shin ag déanamh obair dheonach le leanaí. Léigh an píosa (os ard, más féidir) agus déan na cleachtaí ina dhiaidh sin.

Bhí bliain imithe thart ó bhí mé i nGána – tír álainn ar chósta thiar na hAfraice – nuair a leag mé cos ansin arís coicís ó shin. Bhí gach rud fós difriúil agus thóg sé tamall orm dul i dtaithí ar na radhairc agus ar an mboladh ar fad arís. Faraor, cailleadh mo mhála idir Baile Átha Cliath agus Accra agus bhí orm lá sa bhreis a chaitheamh in Accra.

Chaith mé tráthnóna in Osu, ceantar saibhir sa chathair ina bhfuil an-chuid ambasáidí lonnaithe, agus an-chuid *ex-pats* mar aon le hAfracaigh shaibhre ina gcónaí. Is féidir an t-uafás earraí ón Eoraip agus ó Mheiriceá a cheannach ann ach tá na praghsanna ard: 45,000 *cedi* (€4) ar bhosca Cornflakes agus 20,000 *cedi* (€2) ar bharra seacláide! D'éirigh liom mo mhálaí a aimsiú san aerfort an lá dár gcionn agus bhuail mé bóthar ag breacadh an lae suas go Kumasi.

Shroich mé an teach cónaithe inar chaith mé dhá mhí anuraidh, tar éis ocht n-uair an chloig ar an mbóthar. Ach ba chuma liom, bhí mé chomh sásta sin na páistí a fheiceáil arís agus bhí siadsan chomh sásta céanna mise a fheiceáil, ba bheag nár leag siad go talamh mé! Bhí cúpla páiste imithe ón áit agus cúpla páiste nua tagtha, iad ar fad go hálainn. Thóg sé tamall beag socrú síos arís – bhí sé aisteach a bheith ann gan na hoibrithe deonacha eile a bhí ann liom, ach anois táim socraithe síos amach is amach. Tá ceathrar 'Maas' a dhéanann an chócaireacht ar fad, agus is iontach ar fad an méid is féidir leo a dhéanamh le tine, cúpla oinniún, rís agus go leor leor ola!

Lá amháin bhí mé sa sráidbhaile nuair a thosaigh na scamaill bháistí ag bailiú os mo chionn. Bhí mé ar an bhfón le mo mháthair ach tar éis cúpla nóiméad bhí orm crochadh suas uirthi mar nach raibh mé in ann í a chloisteáil thar thorann na báistí! Nuair a bhíonn sé ag báisteach i nGána, ní bhíonn aon stop leis. Bhí sé ag doirteadh anuas agus ní raibh an dara rogha agam ach rith ar ais go dtí an teach. Faoin am a shroich mé an teach, bhí mé fliuch go craiceann, agus ba bheag nach raibh *flip flop* caillte agam san abhainn a bhí in áit an bhóthair!

Chuala mé screadanna agus gáire, agus ansin os mo chomhair bhí na páistí ar fad amuigh sa bháisteach ag léim timpeall agus ag rince! Bíonn orthu uisce a bhailiú gach lá agus, mar sin, bhí siad chun leas a bhaint as an deis seo agus chuir siad buicéid amach chun an t-uisce a bhailiú.

Is cinnte go bhfuil draíocht ag baint leis an Afraic nach mbaineann le háit ar bith eile. Feiceann tú rudaí a chuirfeadh gliondar ar do chroí gach aon lá, ach chomh maith leis sin, feiceann tú rudaí a bhrisfeadh do chroí. Is féidir leis an saol ansin bheith dian agus frustrachas a bheith ag baint leis. Ach faigheann an áit greim ar do chroí agus ní féidir scaoileadh léi.

2. Anois féach ar na focail agus ar na frásaí thíos agus déan iarracht an leagan Gaeilge díobh a aimsiú sa téacs. Tá líne fúthu sa téacs le cabhrú leat.

Béarla	Gaeilge (ón téacs)
a) an extra day	
b) it finds a special place in your heart	
c) they have to	
d) at dawn	
e) I had no other choice	
f) I managed to	
g) loads of stuff	
h) to get used to	
i) it took a while to settle in	
j) the voluntary workers	
k) on the west coast	
l) in the village	
m) things that will make you happy	
n) I didn't care	

3. Ceisteanna léamhthuisceana

a) Cad iad na rudaí in Osu a léirigh do Mháire gur ceantar saibhir a bhí ann?
b) Cén fáth ar thóg sé tamall uirthi dul i dtaithí ar an áit arís?
c) Conas a chuir an bháisteach isteach orthu?

C: MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:		😊	😐	☹️
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				

Ceist(eanna) atá agam go fóill: